Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ MAIDIR LE COMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE A CHUR CHUN FEIDHME

LÚIL 2025

Leabhar Fianaise

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 2

2. Cúlra 2

3. Tagairtí Fianaisebhunaithe 4

A. Pleananna agus Straitéisí Chomhairle Contae Chiarraí 4

B. Straitéisí Polasaí Náisúnta 6

C. Taighde Náisiúnta 8

D. Aighneachtaí agus Taighde Idirnáisiúnta 25

4. Cruinniú Bailíochtaithe 32

1. Réamhrá

Chun teacht le **Dualgas an Earnála Phoiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna (an Dualgas)** ní mór d'eagrais phoiblí tabhairt faoi mheasúnú ar na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna a mbaineann lena bhfeidhmeanna agus cuspóirí. Is ionann seo agus na ceisteanna bainteach leis na heagrais atá aitheanta faoin Dualgas agus atá ábhartha maidir le feidhmeanna agus cuspóirí na Ranna.

Baineann na ceisteanna seo le:

- **Ionad** an ghrúpa maidir lena riochtain ar acmhainní agus aon míbhuntáiste ar leith atá ag cur as dóibh.
- **Taithí** an ghrúpa maidir le caighdeán a chaidreamh le fostóirí agus soláthraithe seirbhíse agus an sochaí níos leithne.
- **Féiniúlacht** an ghrúpa maidir leis an tslí a roghnaíonn siad chun a bhféiniúlacht a léiriú agus na riachtanais shonracha a éiríonn as seo.

Is iad na **grúpaí a aithnítear faoin Dualgas** ná iad siúd:

- clúdaithe faoi chúiseanna inscne (le gach duine trasinscneach agus iad san atá ag aistriú inscne san áireamh); stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (le tuismitheoirí aonair agus cúramoirí san áireamh); aois; míchumas; claonadh gnéis; cine; creideamh; ballraíocht sa Lucht Siúil; stádas socheacnamaíoch (go háirithe iadsan faoi riosca nó ag fulaingt ó bhochtanas agus eisiamh);
- ag an áit a dtagann dhá cheann de na cúiseanna seo le chéile; agus
- daoine atá i seilbh cearta faoi ionstraimí ábhartha cearta daonna.

Téann an **cháipéis Leabhar Fianaise** leis an measúnú ilchodach ar cheisteanna comhionnanais agus cearta daonna déanta ag na Ranna difriúla de Chomhairle Contae Chiarraí. Léiríonn sé an bonn fianaise bailithe ar mhaithe an mheasúnaithe sin, agus seo bainte ó phleananna agus straitéisí Chomhairle Contae Chiarraí; cáipéisí polasaí phoiblí; taighde náisiúnta; taighde idirnáisiúnta, agus aighneachtaí go heagrais cearta daonna.

2. Cúlra

Cuireadh an measúnú seo ar cheisteanna comhionnanais agus cearta daonna i dtoll a chéile le haird ar bhonn fianaise de thuairiscí agus taighde reatha comhionnanais agus cearta daonna, idir áitiúil agus náisiúnta. **Ní measúnú é ar Chomhairle Contae Chiarraí ná ar a gníomhaíochtaí reatha chun fáil réidh le leithcheal, comhionnanas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint.**

Baineann sé le measúnú leathan timpeallachta ar na ceisteanna comhionnanais agus cearta daonna atá tagtha chun cinn sa chomhthéacs ina mbíonn Comhairle Contae Chiarraí ag feidhmiú. Aithníonn sé na ceisteanna comhionnanais agus cearta daonna atá ag cur as do na grúpaí aitheanta faoin Dualgas agus atá ábhartha maidir le hobair Chomhairle Contae Chiarraí. Tugadh faoi chun go mbeidh Comhairle Contae Chiarraí in ann an Dualgas a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus, dá bhrí sin, díríonn sé ar cheisteanna atá ábhartha ar bhealach soiléir d'fheidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí, chomh maith le ceisteanna a bheidh ar Chomhairle Contae Chiarraí aghaidh a thabhairt orthu i mbun a cuid dualgas.

Mar atá ráite thuas, cuireadh an measúnú seo le chéile bunaithe ar bhonn fianaise de thaighde agus tuairiscí reatha comhionnanais agus cearta daonna. Cuirtear an bonn fianaise sin ar fáil i gcáipéis scartha ón gcáipéis seo, ag aithint na bhfoinsí a úsáideadh agus sonraí tábhachtacha ábhartha ó gach ceann acu siúd.

Tugadh faoin measúnú ar bhonn comhpháirtíoch, agus an dréacht-mheasúnú dulta trí phróiseas athbhreithnithe le heagrais ón sochaí sibhialta atá ionadaíoch ar na grúpaí aitheanta faoin Dualgas. Ghlac an grúpa oibre le leasuithe a d'eascair as an bpróiseas sin.

Baintear úsáid as an gceithre bhunluach aitheanta ag Comhairle Contae Chiarraí a thiománann ár n-uaillmhian timpeall ar chomhionnanas agus cearta daonna mar chreat leis an measúnú seo ar chomhionnanas agus cearta daonna a leagan amach. Is iad na bunluachanna seo:

- Meas
- Rannpháirtíocht
- Ionchuimsiú
- Ceartas Sóisialta

Bhí iniúchadh ar ionad, taithí agus féiniúlacht na ngrúpaí aitheanta faoin Dualgas ina chuid den measúnú ar cheisteanna comhionnanais agus cearta daonna, go sonrach:

- **Ionad** an ghrúpa ó thaobh a rochtana ar acmhainní agus aon mhíbhuntáiste ar leith a bhíonn ag cur as dóibh.
- **Taithí** an ghrúpa ó thaobh chaighdeán a chaidrimh le fostóirí agus soláthraithe seirbhíse, anuas ar an sochaí níos leithne.
- **Féiniúlacht** an ghrúpa ó thaobh na slí a roghnaíonn siad chun a bhféiniúlacht a chur in iúl agus na riachtanais ar leith a eascraíonn as a bhféiniúlacht.

Tá na ceisteanna aitheanta sa mheasúnú seo ábhartha do gach grúpa aitheanta faoin Dualgas agus do ghrúpaí ag an áit a dtagann dhá cheann de na cúiseanna seo le chéile, ach amháin sa chás is go ndeirtear a mhalairt.

3. Tagairtí Fianaisebhunaithe

Tá an measúnú seo ar chomhionnanas agus cearta daonna fianaisebhunaithe, ag tarraingt as:

A. Pleananna agus Straitéisí Chomhairle Contae Chiarraí
B. Cáipéisí Polasaí Náisiúnta
C. Taighde Náisiúnta
D. Taighde agus Aighneachtaí Idirnáisiúnta

A. Pleananna agus Straitéisí Chomhairle Contae Chiarraí

Aithníonn Ráiteas Socheacnamaíoch do Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chiarraí 2023-2029 ceisteanna ionaid, taithí agus féiniúlachta bainteach le roinnt de na grúpaí aitheanta.

Maidir le **hIonad:**

- I gCiarraí seasann rannpháirtíocht sa lucht oibre d'fhir ag 63.7% agus do mhná ag 52.6%.
- Tá gá leanúnach ann do thithíocht shóisialta agus inacmhainne.
- Tá ráta tithe folamha Chiarraí, 11%, níos airde ná an ráta náisiúnta de 7.7%.
- Tá rochtain ar an idirlíon ag 72.7% de dhaonra Chiarraí.
- Tá dúshláin ann maidir le seirbhísí tacaíochta agus imeascadh chun teacht le riachtanais daonra go bhfuil éagsúlacht chultúrtha ag baint leis.

Maidir le **Féiniúlacht:**

- Tá an daonra ag dul in aois, le 19% de dhaonra Chiarraí os cionn 65.
- Tá an líon daoine ó thíortha eile sa chontae ag dul i méid, ag seasamh ag 13.3% de dhaonra Chiarraí.

Aithníonn Clár Tithíochta Chomhairle Contae Chiarraí don Lucht Siúil 2019-2024 fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta ag an Lucht Siúil.

Maidir le **hIonad:**

- I Meitheamh 2018 aithníodh 2,917 teaghlach le riachtanas tithíochta sóisialta i gCiarraí. Ina chuid de seo bhí 97 teaghlach de chuid an Lucht Siúil, gurb ionann é agus 3.3% den éileamh iomlán.

- I Meitheamh 2019 ba den Lucht Siúil iad 23% de theaghlaigh gan dídean, 20% de dhaoine fásta gan dídean agus 30% de leanaí gan dídean i gCiarraí.
- Aithníonn Tionscadal Forbartha Sláinte agus Pobail Lucht Siúil Chiarraí nach bhfuil lánúineacha óga ag fanacht i dtithe róphlódaithe lena dteaghlach, ná cairde ag fanacht i gcarrbháin páirceáilte i gclós nó eile san áireamh sna figiúirí faoi dhaoine gan dídean.
- In ainneoin iad a bheith gan dídean go fíor, diúltaigh roinnt teaghlach de chuid an Lucht Siúil do thithíocht éigeandála i mbrúnna ar eagla go dtiocfadh a gcuid leanaí i dteagmháil le drugaí, agus ar an mbonn sin níl siad san áireamh.

Maidir le **Taithí:**

- Tá sé soiléir nach gcuireann cuid mhaith de dhaoine fásta óga de chuid an Lucht Siúil isteach ar thithíocht shóisialta. Níl na cúiseanna leis seo soiléir.
- Níl sé réadúil a bheith ag súil go mbeidh teaghlaigh nuachumtha den Lucht Siúil in ann socruithe a dhéanamh dá lóistín féin agus iad ag fanacht ar sholáthar lóistín ag CCC trí thacaíochtaí sóisialta ar nós an Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta. Tá fíor-ghanntanas tithe ann atá ar fáil faoin ÍCT, go háirithe laistigh de na teorannacha cíosa a bhaineann leis an íocaíocht seo. Ar chúiseanna eile sa bhreis (leithcheal) tá sé beagnach dodhéanta do theaghlach de chuid an Lucht Siúil tigh a aimsiú faoin ÍCT sa mhargadh cíosa reatha.

Maidir le **Féiniúlacht:**

- Níl aon ghrúpthithíocht ar leith don Lucht Siúil ar fáil i gCiarraí faoi láthair. Níor loirg ach trí theaghlach ceadaithe do thithíocht shóisialta lóistín atá curtha ar fáil don Lúcht Siúil amháin. Tá Tionscadal Forbartha Sláinte agus Pobail Lucht Siúil Chiarraí den tuairim go n-eascraíonn an easpa suime ag an Lucht Siúil i lóistín atá curtha ar fáil don Lúcht Siúil amháin as an easpa scéimeanna grúpthithíochta don Lucht Siúil amháin agus an easpa lóistín d'ardchaighdeán ar láithreáin stad.
- Dá mbeadh suíomhanna d'fhánaithe ar fáil, ar a laghad i rith an tsamhraidh, ní bheadh gá carrbháin a pháirceáil go mídhleathach nó ar thailte poiblí.
- Léiríonn Staitisticí Náisiúnta go bhfuil sé de nós ag baill den Lucht Siúil pósadh agus teaghlaigh nua a bhunú ag aois níos óige ná an pobal níos leithne.
- Tá an riachtanas atá ann do thionscadail chapaill curtha in iúl ag pobail de chuid an Lucht Siúil.

B. Straitéisí Polasaí Náisúnta

Aithníonn an Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Míchumais 2017-2022 fadhbanna maidir le hionad, taithí agus féiniúlachta do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le **hionad:**

- Tá 31% de dhaoine faoi mhíchumas fostaithe i gcompráid le 71% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.
- Tá 42% de dhaoine faoi mhíchumas ina chuid de theaghlach neamhfhostaithe, agus riosca ard bochtanais orthu dá réir.
- Bíonn rannpháirtíocht agus torthaí oideachais níos measa ag daoine faoi mhíchumas. Níor chríochnaigh 50% de dhaoine faoi mhíchumas oideachas tarna leibhéal, i gcompráid le 22% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Maidir le **taithí:**

- Tá sé níos dealraithí go mbeidh duine faoi mhíchumas ag cónaí ina aonar.
- Is minic daoine faoi mhíchumas ina cónaí i láthair chomhchónaithe.
- Is minic easpa faisnéise agus feasachta i measc daoine faoi mhíchumas maidir lena roghanna do thacaíocht timpeall ar chinní a dhéanamh.
- Tá easpa traenála do bhaill foirne in earnálacha a bhíonn ag plé le daoine faoi mhíchumas.

Maidir le **féiniúlacht:**

- Tá fadhbanna rochtana do dhaoine faoi mhíchumas i bhfoirgnimh poiblí, ar iompar poiblí, maidir le córais teicneolaíocht faisnéise á n-úsáid i soláthair seirbhísí, áiseanna faoin aer, agus an timpeallacht tógtha gan a bheith deartha ar bhonn uilíoch.
- Tá easpa soláthair do lucht úsáide Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus iad ag iarraidh úsáid a bhaint as seirbhísí.

Aithníonn Straitéis Chomhionnanais, Éagsúlachta agus Cearta Daonna an Chomhairle Ealaíon fadhbanna ionaid bainteach leis na grúpaí aitheanta.

Maidir le **hionad:**

- Tá go leor éagothromas fós ann laistigh de na healaíona agus tá líon suntasach daoine go bhfuil bacanna fós ag cur as dóibh agus iad ag iarraidh a bheith rannpháirteach sna healaíona de bharr a gcúlra socheacnamaíoch, a n-eitneacht nó creideamh, a gclaonadh gnéis nó féiniúlacht inscne, a stádas teaghlaigh, a n-aois, a mballraíocht sa Lucht Siúil, nó easpa lóistín oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas.

- Tá bacanna dáiríre fós ann d'ealaíontóirí baineanna trasna réimse disciplíní ealaíon agus iad ag iarraidh dul chun cinn ina ngairm agus a repertoire ar shlí atá comhionann le healaíontóirí fireanna.
- Tá gá ann a chinntiú go mbeidh próifíl lucht bainte duaiseanna agus maoinithe ag teacht níos mó le próifíl daonra na hÉireann sa lá atá inniu ann, agus na grúpaí is mó faoi mhíbhuntáiste san áireamh.
- Tá gá ann a chinntiú go mbeidh ballraíocht bhord, foirne, comhairleoirí agus baill phainéal ag teacht le héagsúlacht na hÉireann sa lá atá inniu ann.

Aithníonn an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe LADTI+ 2019-2021 fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta do dhaoine LADTI+.

Maidir le **hionad**:

- Tá go leor de na fadhbanna a choscann daoine LADTI+ óna mbarr cumais a bhaint amach i sochaí na hÉireann struchtúrtha.
- Deireann daoine LADTI+ fásta go bhfuil bacanna suntasacha fós ann roimh ionchuimsiú fostaithe LADTI+ sa láthair oibre.
- Beidh gá ag gnáthsheirbhísí iad féin a chur in oiriúint chun cinntiú go mbeidh siad ionchuimsitheach de lucht úsáide LADTI+ agus chun go mbeidh daoine LADTI+ muiníneach go mbeidh na seirbhísí seo ag caitheamh lena riachtanais mar is ceart.
- Tá an riosca go ndéanfar imeallú orthu ardaithe ag daoine LADTI+ atá ina gcónaí faoin dtuath.

Maidir le **taithí**:

- De réir an Phríomhoifig Staidrimh, ba ag na daoine a bhféinaithníonn mar LADTI+ a bhí na leibhéil is airde leithcheala (33.2%), agus ina dhiaidh sin daoine d'eitneacht nach geal (33.1%), daoine dífhostaithe (30.2%) agus daoine nach Éireannaigh iad (26.7%).
- B'é 'Ag cur deireadh le leatrom gnéis agus inscne' (le leithcheal sa láthair oibre san áireamh) an fhadhb ba mhó práinne sa tarna suirbhé 'Burning Issues', ar fhoilsíodh a thorthaí sa bhliain 2016.
- Leanann daoine LADTI+ ag fulaingt leibhéil dhoghlactha ciaptha agus leithcheala i roinnt láithreacha oibre.
- Ardaíodh an gá atá ann d'ionadaíocht mhéadaithe agus neamh-steréitipiciúil ar fhéiniúlachtaí LADTI+ mar théama seasmhach i rith an phróisis chomhairliúcháin.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Tá an riosca ann go dtuigfeadh sochaí na hÉireann go bhfuil comhionnanas agus ionchuimsiú iomlán bainte amach ag daoine LADTI+, anois go bhfuil comhionnanas pósta bainte amach agus go bhfuil an tAcht um Aithint Inscne 2015 achtaithe. Ach tá dúshláin fós ann le sárú.
- B'iad an dá chuspóir is tábhachtaí, de réir freagraithe an chéad shuirbhé 'Burning Issues' ar dhaoine LADTI+ déanta ag an gComhnaidhm Náisiúnta LADTI+, ná a bheith ábalta oibriú i dtimpeallacht mar a d'fhéadfadh duine a bheith iomlán oscailte faoina gclaonadh gnéis agus féiniúlacht inscne, agus a bhféiniúlacht bharántúil a nochtadh gan eagla an leithcheala a bheith orthu.

Aithníonn an Straitéis Náisiúnta Óige 2015-2020 fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta do dhaoine óga.

Maidir le **hionad:**

- Sa bhliain 2014 bhí 23.9% de dhaoine idir 15 agus 24 dífhostaithe.
- Sa bhliain 2013, bhí 14% de dhaoine idir 15 agus 24 ag maireachtaint i mbochtanas seasmhach.

Maidir le **taithí**:

- De réir suirbhé in 2012 bhí beagnach aon cheathrú de leanaí 9 go 16 bliain d'aois tar éis bulaíocht de shaghas éigin, ar-líne nó sa fíorshaol, a fhulaingt.

Maidir le **féiniúlacht**:

- De réir taighde, tá leibhéil arda bulaíochta homafóbaí i scoileanna agus ionaid eile.

C. Taighde Náisiúnta

Aithníonn an tuairisc ar Leithcheal agus Neamhionnanas i dTithíocht, CÉCDC agus ITES, 2018 fadhbanna ionaid agus taithí bainteach leis na grúpaí aitheanta.

Maidir le **hionad**:

- Tá sé níos dealraithí go mbeidh taithí ag baineannaigh ná fireannaigh ar bhochtaineacht timpeallachta (e.g. truailliú, coiriúlacht, loitiméireacht) ach tá níos lú seans go mbeidh siad gan dídean.

- Is grúpa ar leith atá ar mhíbuntáiste iad tuismitheoirí aonair. Tá sé 1.4 níos dealraithí go mbeidh taithí acu ar bhochtaineacht tithíochta (e.g. tithíocht atá tais/dorcha, atá gan teas lárnach) ná lánúineacha gan leanaí. Is teaghlaigh mháithreacha aonair iad 60% de theaghlaigh gan dídean (sainmhínithe mar lánúin le nó gan leanaí, nó tuismitheoir aonair le leanaí).
- Tá na daoine is óige (faoi 30 bliain d'aois) faoi mhíbhuntáiste ar leith. Bíonn taithí ag an ngrúpa seo ar leibhéil níos airde bochtaineacht tithíochta agus timpeallachta, agus róphlódú, chomh maith le bheith faoi riosca níos airde a bheith gan dídean.
- Tá sé léirithe ag na figiúir go mbíonn daoine nach saoránaigh de chuid stát san AE faoi riosca níos airde róphlódaithe i gcompráid lena mhalairt a bhfuil an leibhéal céanna ioncaim agus na tréithe céanna ag baint leo seachas sin. Bíonn inimircigh ón Afraic ag leibhéal níos airde riosca ná an meán maidir le bheith gan dídean chomh maith.
- Tá riosca ard bochtaineachta tithíochta agus timpeallachta ag daoine faoi mhíchumas. Tá daoine faoi mhíchumas 1.4 uair níos dealraithí a bheith ina gcónaí i dteaghlach róphlódaithe. Tá daoine faoi mhíchumas i bhfad os cionn an mheáin maidir le daoine gan dídean: tá níos mó ná duine as gach ceathrar gan dídean faoi mhíchumas.
- Is iad baill den Lucht Siúil an dream is mó atá faoi riosca a bheith gan dídean. Cé gur lú iad ná 1% de dhaonra na Éireann, déanann daoine ón Lucht Siúil suas 9% den daonra gan dídean.
- Tá ceangal idir stádas íseal socheacnamaíoch, bunaithe ar ioncam íseal, agus bochtaineacht tithíochta is timpeallachta agus róphlódú. Tá seans níos airde go mbeidh tionóntaí atá ag fáil Liúntas Cíosa ag fulaingt bhochtaineacht tithíochta agus róphlódú ná gnáth-thionóntaí atá ar aon dul leo ó thaobh gach tréith eile (e.g. aois, náisiúnacht, inscne, déanamh an teaghlaigh). Tá daoine go bhfuil tigh ar cíos acu ó Údarás Áitiúil beagnach 6 huair níos dealraithí ná úinéirí tí a bheith ag cur fúthu i dtigh/árasán róphlódaithe (seo le tréithe eile leithéidí ioncaim agus stádas teaghlaigh tugtha san áireamh).

Maidir le **taithí:**

- Tá tuismitheoirí aonair 2.4 uair níos dealraithí tuairisciú a dhéanamh ar leithcheal ó thaobh rochtana ar thithíocht.
- Tá daoine faoi mhíchumas níos mó ná dhá uair níos dealraithí tuairisciú a dhéanamh ar leithcheal ó thaobh rochtana ar thithíocht. Bhraith 7.4% de dhaoine faoi mhíchumas a bhí ag lorg lóistín gur deineadh leithcheal orthu, i gcompráid le 3.5% de dhaoine nach bhfuil míchumas orthu.
- Tá an grúpa eitneach 'Dubh' níos mó ná 3.5 uair níos dealraithí ná an grúpa eitneach 'Éireannach Geal' a bheith ag fulaingt leithcheala. Agus iad ag cuardach lóistín, bhraith 17.1% de dhaoine a n-aithníonn féin mar Dubh, 5.8% a n-aithníonn féin mar

Áiseach, 5.8% a n-aithníonn féin mar Neamh-Éireannach Geal, agus 3.5% a n-aithníonn féin mar Éireannach Geal gur deineadh leithcheal orthu.

- Tá baill den Lucht Siúil beagnach 10 n-uair níos dealraithí ná an daonra Éireannach Geal chun tuairisciú a dhéanamh ar leithcheal maidir le tithíocht.
- Tá sé níos dealraithí go mbeidh daoine ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle (i.e. ar bheagán oideachais agus dífhostaithe) ag fulaingt leithcheala maidir le rochtain ar thithíocht.
- Tá sé 6 huair níos dealraithí go mbeidh daoine níos óige (idir 18 agus 34 bliain d'aois) ag fulaingt leithcheala ná an grúpa is sine (65 nó níos sine).

Aithníonn an staidéar ó 2020 de chuid Focus Ireland agus BelongTo, (Quilty, A. and Norris, M.) A Qualitative Study of LGBTIQ+ Youth Homelessness in Ireland fadhbanna maidir le hionad, taithí agus féiniúlacht do dhaoine LADTI+.

Maidir le **hionad**:

- I bhFeabhra 2020 thuairiscigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil go raibh 881 daoine idir 18 agus 24 'go hoifigiúil' gan dídean (i.e. ina gcónaí i lóistín éigeandála maoinithe trí Alt 10 den Acht Tithíochta 1988).
- Tá an taighde idirnáisiúnta ar aon fhocal go mbíonn riosca níos airde ag daoine óga LADTI+ a bheith gan dídean agus go bhfuil an líon acu i measc an daonra gan dídean os cionn an mheáin. Léiríonn athbhreithniú cuimsitheach Echer ar an taighde (2016) go mbíonn leibhéal measta na ndaoine óga LADTI+ gan dídean idir 8 agus 37% den daonra iomlán gan dídean, ag brath ar an staidéar áirithe.
- Anuas ar na daoine LADTI+ atá gan dídean 'go hoifigiúil', ceaptar go bhfuil líon suntasach daoine óga ag maireachtaint gan baile buan agus ag codailt ar thoilg chairde, ag suiteoireacht nó ag fanacht in áiteanna contúirteacha eile. Tá sé níos deacra na daoine seo a aithint agus déantar tagairt dóibh go minic ar an mbonn sin mar daoine gan dídean atá 'dearúdta' nó 'ceilte' .
- An dá pheidhre tréithe gur féidir leo a bheith ina gcúis le daoine óga LADTI+ a bheith gan dídean: LADTI+ agus óige, táid leochaileach maidir le réimse chúiseanna idirphearsanta, teaghlaigh agus ionphearsanta a bhíonn taithí ag an bpobal níos leithne de daoine óga orthu, ar nós cúram a fhágaint, teip nó briseadh an teaghlaigh agus an ganntanas lóistín inacmhainne. Agus bíonn cúiseanna ar leith bainteach le daoine óga LADTI+ a bhaineann lena gclaonadh gnéis agus féiniúlacht inscne a d'fhéadfaidis méadú ar a mbaol a bheith gan dídean, leithéidí an taithí chasta a bhaineann le teacht amach agus/nó aistriú inscne.

- Léirigh an taighde seo caidreamh casta, déthreoch ar chúis buairimh é idir easpa dídine agus fadhbanna sláinte meabhraí atá dlúthbhainteach le taithí chasta ar smál agus náire.
- Tá sé tábhachtach a aithint cé chomh deacair is atá sé do na daoine LADTI+ a chuireadh faoi agallamh don staidéar seo éalú ón easpa dídine.

Maidir le **taithí**:

- Luaigh rannpháirtithe roinnt cúiseanna dá gcinneadh gan feidhm a bhaint as seirbhísí easpa dídine. Ina measc, bhí castacht an chórais, an easpa feasachta timpeall ar an méid a bhí ar fáil chun tacú leo nuair a bhíodar is mó ina ngá, agus eagla doimhin roimh 'bhrúnna' mar áiteanna atá contúirteach do dhaoine LADTI+.
- Is minic go mbíonn an pobal LADTI+ faoi bhagairt ag homafóbachas agus trasfóbachas daoine eile a bhíonn ag úsáid na seirbhísí easpa dídine. Bíonn éagsúlacht ann ó thaobh feabhas freagra na soláthraithe éagsúla seirbhísí ar an iompar seo.
- Bhí formhór na ndaoine óga a cuireadh faoi agallamh neamhtoilteanach dul isteach i spás mar a bhraitheadar go raibh an baol ann go bhfulaingeofaí míthuiscint nó homafóbachas/trasfóbachas oscailte ó úsáideoirí eile na seirbhísí agus/nó baill foirne, an féidearthacht go luafaí an inscne mícheart leo, agus eagla roimh a thuilleadh imeallaithe.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Tá easpa taighde ann maidir le taithí agus riachtanais shonracha daoine óga LADTI+ in Éirinn atá gan dídean.

Aithníonn tuairisc 2018 de chuid ITES agus CÉCDC (McGinnity, F., Grotti, R., Russell, H., agus Fahey, E.) Attitudes to Diversity in Ireland fadhbanna taithí bainteach leis na grúpaí aitheanta.

Maidir le **hionad**:

- Léiríonn Daonáireamh 2016 go bhfuil 535,475 daoine ó 200 náisiúin dhifriúla nach saoránaigh Éireannacha iad ina gcónaí in Éirinn.

Maidir le **taithí**:

- Bhí meon daoine faoin inimirce níos dearfaí in Éirinn ná an meán in Iarthar na hEorpa roimh an gcúlú eacnamaíoch, ach idir 2008 agus 2014 thit meon na hÉireannach faoin meán Eorpach seo, cé go raibh an bearna níos lú in 2014 ná mar a bhí in 2010.

- Bhí an meon maidir le hinimircigh áirithe i bhfad níos diúltaí ná inimircigh eile. Fad is a thuairiscigh 58% de dhaoine ar saolaíodh iad in Éirinn go ligfidis do go leor nó roinnt inimirceach ón ngrúpa eitneach céanna d'formhór mhuintir na hÉireann teacht chun na tíre, is iad na figiúirí i leith Muslamaigh agus Roma 41% agus 25% faoi seach. Bhí tacaíocht d'inimirce Moslamach agus Roma níos ísle in Éirinn ná an meán do deich tír in Iarthar na hEorpa.
- Maidir le tuiscintí timpeall ar chine/eitneacht, chreid beagán faoi leath na ndaoine fásta ar rugadh iad in Éirinn go bhfuil cultúir áirithe níos fearr ná cultúir eile, agus chreid 45% go bhfuil an mianach nádúrtha a bheith ag obair go dian i gciní áirithe thar a chéile. Chreid ceatadán i bhfad níos ísle, 17%, go bhfuil ciní/eitneachtaí áirithe níos meabhraí go nádúrtha. Tá na figiúir seo píosa níos airde ná meán 10 an AE.
- Fuarthas go raibh baint idir theagmháil dearfach sóisialta le grúpa eitneach/cine eile agus meon níos fábhraí i leith tionchar na hinimirce, is cuma cé chomh minic is a bhí an teagmháil. Bhí nasc idir teagmháil diúltach sóisialta agus tuairimí níos diúltaí maidir le tionchar na hinimirce, agus threisigh diúltachas na dtuairimí le minicíocht na teagmhála. An pointe foghlama go mbíonn teagmháil sóisialta, don gcuid is mó, ina chúis le tuairimí níos dearfaí i leith inimircigh agus inimirce, tugann sé le fios go bhféadfadh go mbeadh tionchar dearfach ag deiseanna feabhsaithe ar theagmháil dearfach fiúntach idir an daonra ar saolaíodh in Éirinn agus inimircigh chun tuairimíocht frith-inimirce a laghdú.

Maidir le **féiniúlacht:**

- Tá éagsúlacht ag baint le hinimircigh timpeall ar a bpróifíl aoise, cúlra socheacnamaíoch, creideamh reiligiúnda agus nósanna cultúrtha, agus a gcumas Béarla a labhairt.

Aithníonn tuairisc 2023 de chuid Threshold agus Alone, Double Deficit: Older and Ageing Persons in the Irish Private Rental Sector fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta do dhaoine níos sine.

Maidir le **hionad:**

- Ceaptar go méadóidh an líon saoránach os cionn 45 faoi dhó sa 30 bliain amach romhainn. Tá 17% dóibh siúd a bhuil tigh ar cíos acu in Éirinn in aois a 45 nó níos airde.
- Baineann leath de lucht díolta cíosa níos sine le postanna breacoilte nó láimhe, dífhostaíocht agus fostaíocht den ngrád is ísle. Tá níos mó seans go mbeidh an grúpa seo ag fáil cúnamh cíosa. Iadsan atá os cionn 65 agus ag díol cíos le tiarna talún príobháideach, tá sé dealraitheach go mbeidh níos mó ná 35% dá n-ioncam indiúscartha á chaitheamh ar an gcíos acu.

- Tá níos mó seans go mbeidh íocóirí cíosa níos sine ina gcónaí leo féin agus ag díol cíos ar feadh tréimhse níos faide ná íocóirí níos óige san earnáil.

Maidir le **taithí**:

- Léiríonn iniúchadh ar an earnáil cíosa príobháideach in Éirinn go bhfuil easpaí suntasacha maidir le comhlíonadh riachatanas íocóirí cíosa níos sine, go háirithe maidir le rogha lóistín, inacmhainneacht, oiriúnacht, caighdeán agus buaine, anuas ar bhaint ó neamhspleáchas pearsanta daoine níos sine timpeall ar chúrsaí lóistín.
- Cuireadh leibhéil arda neamhbhuaine in iúl don staidéar ag íocóirí cíosa níos sine, agus iad buartha go háirithe faoi neamhsheasmhacht tithíochta, lóistín nach raibh ag teacht leis an íos-chaighdeán nó nach raibh oiriúnach, iompar míchuí tiarnaí talún, easpa malairt rogha maidir le roghanna lóistín inacmhainne sna hearnálacha príobháideach agus poiblí araon, chomh maith le ceisteanna timpeall ar chosaintí agus tacaíochtaí nach leordóthaineach do thionóntaí san Earnáil Cíosa Príobháideach.
- Luaigh 43% de na daoine a cuireadh faoi agallamh don taighde seo na leibhéil arda struis bainteach le neamhsheasmhacht a gcuid lóistín.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Níl tithíocht do dhaoine níos sine atá oiriúnach dá n-aois agus do na riachtanais éagsúla a bhíonn ag áitritheoirí forbartha mar ba cheart in Éirinn.
- Níl an Earnáil Cíosa Príobháideach ina rogha oiriúnach do dhaoine níos sine.
- Tá easpa cur chuige atá oilte ag na sonraí ann maidir le pleanáil do lóistín i gcomhair sciar den daonra atá ag dul in aois go tapaidh.

Aithníonn An Lucht Siúil agus Easpa Didine: Páipéar Abhcóideachta**,** tuairisc ó 2021 de chuid an Ionad don Lucht Siúil agus Roma, ceisteanna ionaid, taithí agus féiniúlachta don Lucht Siúil.

Maidir le **hionad:**

- De réir Dhaonáireamh 2016: 9% acu siúd a bhí gan dídean ar oíche an Daonáirimh, ba den Lucht Siúil iad, le 7.5% den Lucht Siúil iomlán áirithe mar dhaoine gan dídean. Thar tréimhse 5 bliana bhí fás de 12% ar an líon den Lucht Siúil ina gcónaí i lóistín sealadach. Tá baill den Lucht Siúil 7 n-uair níos dealrathaí ná an daonra trí chéile a bheith ag cur fúthu in áitreamh atá róphlódaithe.
- D'áitigh taighde coimisiúnaithe in 2009 go raibh thart ar 39% den Lucht Siúil ag teacht leis an sainmhíniú Eorpach ar bheith gan dídean. Seo i gcompráid le 6% den

daonra trí chéile. I measc na saghsanna easpa dídine i measc an Lucht Siúil tá suíomhanna róphlódaithe agus bheith ag cur fúthu ar thaobh an bhóthair.

- Bhí baill den Lucht Siúil á mbrú i dtreo easpa dínine ag easpa soláthair ar lóistín in oiriúnt don Lucht Siúil agus easpa soláthar ar thithíocht inacmhainne.
- In ainneoin méadú mall ar bhuiséad lóistín don Lucht Siúil, bíonn sciar suntasach de bhuiséid do lóistín an Lucht Siúil gan chaitheamh gach bliain ag Údaráis Áitiúla. Don gcéad uair ó 2014, in 2020 tharraing Údaráis Áitiúla síos an buiséad iomlán a bhí curtha ar fáil. Ach is amhlaidh gur chaitheadh é ar uasghrádú/cothabháil ar lóistín don Lucht Siúil a bhí ann cheana féin agus beartas maolaithe COVID-19. Níor cuireadh aon lóistín ná aonad lóistín nua ar fáil in ainneoin gur measadh go go raibh 39% den Lucht Siúil gan dídean.
- Dheimhnigh an tAthbhreithniú Comhionnanais ar Sholáthar Lóistín don Lucht Siúil ag Údaráis Áitiúla 2021 de chuid an CÉCDC na fadhbanna a bhí ar eolas cheana féin. Ina measc bhí gan a dhóthain a bheith á chaitheamh ar bhuiséid lóistín don Lucht Siúil, caighdeán íseal iarrachtaí bailithe eolais chun cinní a dhéanamh, caitheamh ar obair athchóirithe seachas lóistín nua, easpa pleanála don todhchaí maidir le riachtanais lóistín an Lucht Siúil, agus baill den Lucht Siúil a bheith á mbrú isteach i lóistín nach raibh oiriúnach dóibh ó thaobh cultúir de.
- De réir tuairisc a foilsíodh le déanaí de chuid CÉCDC agus ITES, b'ionann agus 53% d'iomlán na dteaghlach gan dídean iad tuismitheoirí aonair agus a leanaí, agus tá seans i bhfad níos airde ann go mbeidh an dream seo ag cur fúthu i dtithíocht bhocht ná gach saghas teaghlach eile. Léiríonn an tuairisc seo chomh maith na míbhuntáistí a bhíonn ag daoine óga, inimircigh, daoine faoi mhíchumas, agus baill den Lucht Siúil i gcóras tithíochta na hÉireann.
- Léiríonn an taighde is déanaí agus obair Pavee Point an tionchar a bhíonn ag ciníochas agus leithcheal, díbirt ó stadanna, easpa lóistín atá oiriúnach go cultúrtha, agus easpa lóistín do theaghlaigh níos mó, mar chuid den an cúiseanna go mbíonn sciar díréireach den Lucht Siúil gan dídean. Tá fadhbanna sa bhreis ann do roinnt den Lucht Siúil, ar nós iadsan a bhí ina gcónaí faoi chúram altrama, agus baill óga den Lucht Siúil atá ag fágaint cúraim altrama a bheith faoi riosca níos airde a bheith ar easpa dídine.
- Sa bhliain 2016 d'ardaigh Pavee Point cúiseanna buairimh faoin Scéim Rogha Tithíochta ina aighneacht ag an gComhchoiste Oireachtais um Tithíocht agus Easpa Dídine. Go háirithe, luadar go raibh easpa rochtana agus trédhearcachta i gceist leis an gcóras, agus gur bheag maitheas a bhí ann do dhaoine ar bheagán nó easpa litearthachta nó/agus rochtana ar ríomhaire le hidirlíon, toisc go raibh gá d'iarratais a bheith déanta amach i scríbhinn agus curtha isteach ar an gcóras ar-líne laistigh d'fhráma ama gairid.

Maidir le **taithí**:

- Bíonn tionchar ag ciníochas agus leithcheal ar easpa dídine an Lucht Siúil, go háirithe mar a mbaineann leis an earnáil cíosa príobháideach.
- In 2020 léirigh taighde de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpach um Cearta Bunúsacha an Lucht Siúil agus Roma i 6 thír go raibh ceann de na rátaí is airde de thuairisciú leithcheala ag baill den Lucht Siúil ó thaobh rochtana lóistín de, le 73% ag tuairisciú leithcheala agus iad ag iarraidh tithe a cheannach nó a fháil ar cíos le cúig bhliana anuas.
- Aithníodh gá le cosc ar dhíbirt baill den Lucht Siúil agus díchoimisiúnú ar lóistín ar leith in oiriúnt don Lucht Siúil go dtí go mbainfear amach riachtanais an Lucht Siúil maidir le Liostaí Tithíochta Údarás Áitiúil.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Tá easpa aitheantais ann i bpolasaithe agus soláthar seirbhísí maidir le heaspa dídine an Lucht Siúil.
- Tá easpa monatóireachta ann ar chomhionnanas eitneach sna tacair sonraí faoi thithíocht/easpa dídine.
- Faoi láthair, is gnáth d'aonaid tithíochta a bheith tógtha le dhá nó trí sheomra leapan, agus tá i bhfad níos mó den saghas seo ar fáil ar an margadh tithíochta. Is minic seo ag déanamh leithcheal ar theaghlaigh den Lucht Siúil i dtreo is nach mbíonn fáil acu ar thithíocht oiriúnach de bharr líon níos mó leanaí a bheith acu.

Aithníonn an tuairisc ó 2018, Míchumas agus Leithcheal in Éirinn, CÉCDC agus ITES, 2018 fadhbanna ionaid agus taithí do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le **hionad**:

- Tá taifeadadh maith déanta ar an nasc idir míchumas agus bochtanas, le fianaise ag léiriú go bhfuil sé níos dealrathaí do dhaoine faoi mhíchuas a bheith i mbochtanas agus lasmuigh den lucht oibre.
- Fanann rannpháirtíocht dhaoine faoi mhíchumas sa mhargadh oibre i bhfad níos ísle ná na rátaí don daonra trí chéile, fiú nuair a tógtar aois agus tréithe pearsanta eile san áireamh. Dóibh siúd d'aois a 15 nó níos airde, bhí 22% de dhaoine faoi mhíchumas ag obair, i gcompráid le níos mó ná leath (53%) den daonra trí chéile.
- Tá daoine faoi mhíchumas níos mó ná 1.6 uair níos dealrathaí a bheidh ag cur fúthu i dtithíocht de dhrochchaighdeán (e.g. le díon a ligeann braon isteach, fallaí taise, easpa teasa lárnaigh, coiriúlacht/loitiméireacht sa cheantar, srl.).

Maidir le **taithí**:

- Léiríonn na torthaí go leanann daoine faoi mhíchumas ag fulaingt níos mó leithcheal ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. In éineacht le daoine Dubha agus an Lucht Siúil, tá daoine faoi mhíchumas ar na dreamanna is dealrathaí go mbeidh taithí acu ar leithcheal.
- Léiríonn an tuairisc go mbíonn daoine faoi mhíchumas atá ag lorg oibre, nó ag obair, faoi dhá oiread an riosca leithcheala bainteach le cúrsaí oibre a fhulaingt ná an daonra trí chéile.
- Ag díriú ar leithcheal sna seirbhísí poiblí (leithéidí oideachais, sláinte, iompair), léiríonn na torthaí go mbíonn daoine faoi mhíchumas faoi thrí oiread an riosca leithcheala a fhulaingt i gcompráid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas.
- Tá daoine faoi mhíchumas breis agus dhá oiread níos dealrathaí leithcheal a thuairisciú maidir le cúrsaí tithíochta.
- Sa tuairisc seo díríodh isteach ar sé shaghas míchumais: daille, bodhaire, míchumas fisiciúil, míchumas foghlama/intleachtúil, fadhbanna siceolaíochta/mothúchánacha, agus míchumais/aicídí ainsealacha. Léirigh an tuairisc go mbíonn taithí leithcheala difriúil ó shaghas amháin míchumas go saghas eile, le daoine dalla ag fulaingt an riosca leithcheala is airde, agus fadhbanna siceolaíochta/mothúchánacha sa tarna háit.
- Bhí eagla ar fhormhór daoine faoi mhíchumas leithcheal a thuairisciú.

Aithníonn an tuairisc de chuid Pavee Point agus an Roinn Dlí agus Cirt, 2018, : Roma in Éirinn: measúnú náisiúnta ar riachtanais, fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta do dhaoine de chuid na Roma.

Maidir le **hionad:**

- Leibhéal ard dífhostaíochta. Thuairiscigh 16.7% dóibh siúd a d'fhreagair go rabhadar fostaithe.
- Na fadhbanna is mó a tháinig chun solais ná leithcheal maidir le tithíocht; róphlódú olc; lóistín de dhrochchaighdeán; easpa sheasmhachta ar thionóntachtaí; easpa dídine; easpa rochtana ar thithíocht shóisialta agus liúntas cíosa.
- Bhí 20% d'fhreagróirí ag maireachtaint le bochtanas dian, imeallaithe go hiomlán ó tacaíochtaí agus seirbhísí, agus iad i lóistín róphlódaithe ar dhrochchaighdeán. Thuairiscigh níos mó ná 50% de na teaghlaigh le leanaí nach mbíonn a dhóthain bia acu i gcónaí. Anuas air seo, thuairiscigh 60% d'fhreagróirí taithí ar bhochtanas seasmhach, leithéidí gan a dhóthain bia, breosla nó teas a bheith acu. Bhí 12.4% d'fhreagróirí gan chistin, 9.6% gan cócaire, agus 13.5% gan chuisneoir.

Maidir le **taithí**:

- Thuairiscigh freagróirí gur bhraitheadar gur rinneadh leithcheal orthu ag leibhéal institiúideach agus ag leibhéal an duine aonair. Tuairiscíodh na leibhéil is airde leithcheala maidir le tithíocht a fháil (93%) agus cosaint shóisialta (84.3%). Luaigh 78.9% d'fhreagróirí gur deineadh leithcheal orthu agus iad ag iarraidh obair a aimsiú. Luaigh 81.1% d'fhreagróirí taithí ar chiníochas agus íde béil i spásanna poiblí, le mná ag fulaingt níos mó de seo ná fir.
- Na bacanna móra ar sheirbhísí a bhaint amach luaite ag freagróirí ná gan a bheith incháilithe do thacaíochtaí ar nós cartaí leighis, traenáil agus scéimeanna fostaíochta, tacaíochtaí do dhaoine gan dídean, nó íocaíochtaí leasa shóisialta. Bhí seo de bharr gan ceart cónaithe a bheith acu nó gan a bheith ag teacht leis na coinníollacha áitíochta buaine. Thuairiscigh 19.8% d'fhreagróirí nach bhfuil uimhir PSP acu, rud atá riachtanach chun teacht ar réimse leathan seirbhísí, cur isteach ar chárta leighis agus cosaint shóisialta san áireamh.
- I measc na mbacanna luaite ag freagróirí bhí easpa cháipéisíochta chun áitíocht a chruthú, gan a bheith ar an eolas faoi sheirbhísí nó conas teacht orthu, agus taithí ar leithcheal.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Ní hé Béarla a gcéad theanga, rud ba chúis le bacanna rochtana ar sheirbhísí. Thuairiscigh 71.2% d'fhreagróirí go mbíonn deacracht acu ag léamh foirmeacha i mBéarla agus dúirt 66% go mbíonn deacracht acu ag líonadh amach foirmeacha as Béarla. Fuair 84% de theaghlaigh na bhfreagróirí cabhair ag léamh is ag scríobh as Béarla.
- Tá easpa rochtana ar ateangairí agus na seirbhísí seo á lorg. Léiríonn an taighde nach bhfuil ach sciar beag d'fhreagróirí go bhfuil rochtain acu ar ateangairí gairmiúla, le formhór na bhfreagróirí ag brath ar chairde agus leanaí chun ateangaireacht a dhéanamh dóibh.

Aithníonn an tuairisc ó 2015 de chuid ITES (Watson, D., Banks, J., agus Lyons, S.) Taithí Oideachais agus Fostaíochta Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn, anailís ar an Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas, fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le **hionad**:

- Tá seans níos mó ag daoine faoi mhíchumas ná an daonra trí chéile a bheith bocht agus ag brath ar íocaíochtaí leasa sóisialta dá n-ioncam.

- Cúis thábhachtach amháin le míbhuntáiste eacnamaíoch daoine faoi mhíchumas ná an deacracht a bhíonn acu fostaíocht a fháil agus a choimeád.
- Cé nach raibh ach 29% d'ár sampla (in aois oibre) fostaithe ag an am, bhí 56% tar éis a bheith ag obair ag am éigin san aimsir chaite. Anuas air sin, dúirt beagnach leath acu siúd nach raibh i bhfostaíocht reatha go mbeadh spéis acu a bheith ag obair dá mbeadh na cúinsí cearta ann. Bhí níos lú mná faoi mhíchumas i bhfostaíocht reatha.
- Laistigh den ghrúpa nach raibh ag obair, aithníodh foghrúpa gurb é an dúshlán acu ná a gcéad phost a aimsiú (daoine fásta níos óige, daoine faoi mhíchumas inteachtúla nó labhartha, daoine go raibh deacrachtaí acu le linn a mblianta scolaíochta). Foghrúpa eile a bhí eisiata ná daoine a d'fhág fostaíocht de bharr a míchumas: daoine fásta níos sine, daoine faoi mhíchumas bainteach le fadhbanna sláinte intinne, mothúchánacha nó/agus siceolaíochta, míchumas péine, agus iad siúd le fadhbanna sláinte nó teacht aniar.

Maidir le **taithí**:

- Léiríonn torthaí gur féidir le riachtanais neamhchomhlíonta do sheirbhísí nó fearais a bheith ina mbac ar fhostaíocht, ach gur bhraith a suntasach is a bhíodar seo ar an saghas míchumais a bhí i gceist. Aithníodh go mbaineann riachtanais neamhchomhlíonta le dífhostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas lúith agus deaslámhachta, agus iad siúd faoi mhíchumas péine, ach nár bhaineadar le hábhar do dhaoine faoi mhíchumas fadhbanna sláinte intinne, mothúchánacha nó/agus siceolaíochta nó míchumas intleachtúil.

Maidir le **féiniúlacht**:

- I measc na dtacaíochtaí ginearálta a bhí (nó a bheadh) de dhíth ar dhaoine faoi mhíchumas chun go mbeidis in ann dul ag obair bhí: socraithe solúbtha oibre ar nós uaireanta laghdaithe (46%); tascanna oibre oiriúnaithe (29%); athruithe rochtana (32%); agus liúntas pá (24%).

Aithníonn an suirbhé de chuid an Príomh-Oifig Staidrimh ó 2022: Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála fadhbanna maidir le hionad, taithí agus féiniúlacht timpeall ar chúrsaí stádais shocheacnamaíocha.

Maidir le **hionad**:

- Sheas an ráta daoine faoi riosca bochtanais ag 13.1% in 2022, suas ó 11.6% i 2021. Má fhágtar tacaíochtaí COVID-19 as an áireamh sheasann an ráta daoine faoi riosca bochtanais in 2022 ag 20.5%.

- In 2022 fuarthas go raibh 5.3% de dhaoine ag maireachtáil le bochtanas seasmhach, suas ó 4% i 2021.
- Déanann comhéifeacht Gini tomhas ar neamhionannas ioncaim thar gach dáileadh ioncaim, le 0% ag léiriú comhionnanas foirfe (i.e. go bhfuil ioncam mar an gcéanna ag gach éinne) agus 100% ag léiriú neamhionnanas foirfe (i.e. go bhfuil an ioncam ar fad i seilbh duine amháin). In SICM 2022 b'ionann an comhéifeacht Gini agus 28%, i gcompráid le 27% i 2021.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Bhí an ráta riosca bochtanais níos airde i measc teaghlaigh duine fásta aonair. Bhí duine as triúr ag maireachtaint i dteaghlaigh déanta suas de dhuine amháin in aois a 65 nó níos sine (33.6%), nó de dhuine fásta amháin faoi 65 bliain d'aois (32%) faoi riosca bochtanais in SICM 2022.
- Bhí na leibhéil is airde bochtanais sheasmhaigh ag daoine ag maireachtaint i dteaghlaigh de dhuine amháin faoi 65 agus daoine i dteaghlaigh le tuismitheor amháin agus leanaí (14.5% agus 14.1% faoi seach).

Aithníonn an Suirbhé ar Mheon an Phobail faoi Mhíchumas in Éirinn (2017) de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais fadhbanna maidir le hionad agus taithí do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le **hionad**:

- Bhí seans níos mó ann go mbeadh daoine faoi mhíchumas thar dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas: ó ghrúpaí socheacnamaíocha níos ísle; dífhostaithe, ar scor, nó ag obair go lán-aimseartha sa bhaile; singil; gan ach oideachas bunléibhéal nó meánleibhéal acu; gan leanaí.
- Níor chreid ach 18% d'fhreagróirí go bhfaigheann daoine faoi mhíchumas deiseanna comhionnana maidir le cúrsaí fostaíochta (20% in 2011, 15% in 2016).
- Bhí seans níos lú go mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar an idirlíon (66% i gcompráid le 88%) nó fón póca a bheith ina seilbh acu (85% i gcompráid le 96%), cé go raibh úinéireacht fón póca ard go ginearálta.
- Tá 32% de dhaoine faoi mhíchumas i mbaol a bheith imeallaithe go sóisialta, i gcompráid le 22% dóibh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas.

Maidir le **taithí**:

- D'aontaigh 36% d'fhreagróirí go 'gcaitear go cothrom le daoine faoi mhíchumas in Éirinn.'

- Thuairiscigh freagróirí a leibhéil is airde compóird a bheith ag obair le daoine faoi mhíchumas fisiciúil (8.9 as 10). Thuairiscigh freagróirí a leibhéil is ísle compóird a bheith ag obair le daoine faoi mhíchumas ó thaobh sláinte intinne (8.2 as 10).
- Bhí leibhéil chompóird a bheith ag obair le daoine faoi mhíchumas beagáinín níos ísle i gcompráid le grúpaí mionlacha eile ach amháin an Lucht Siúil, a raibh leibhéil chompóird níos ísle tuairiscthe ina leith (7.5 as 10).
- Bhain na leibhéil chompóird is airde le bheith ina chónaí i ngiorracht do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil (9.3 as 10), is na cinn is ísle le daoine le fadhbanna sláinte intinne (8.8 as 10).
- Bhí leibhéil chompóird a bheith ina chónaí i ngiorracht do dhaoine faoi mhíchumas incurtha le grúpaí mionlacha eile, cé is moite den Lucht Siúil, go raibh leibhéil chompóird níos ísle tuairiscthe ina leith (7.5 as 10).

Aithníonn an tuairisc ó 2017 de chuid ITES, (Watson D., Kenny O., & McGinnity) Portráid Shóisialta den Lucht Siúil in Éirinn fadhbanna maidir le hionad agus taithí do bhaill den Lucht Siúil.

Maidir le **hionad**:

- Bíonn an Lucht Siúil faoi mhíbhuntáiste as cuimse maidir le fostaíocht, tithíocht agus sláinte.
- An difríocht is mó idir an Lucht Siúil agus an daonra trí chéile ó thaobh cúrsaí fostaíochta ná a leibhéil arda dífhostaíochta. I measc iadsan atá in aois a 25-64 bhí ráta dífhostaíochta de 82% don Lucht Siúil i nDaonáireamh 2011, i gcompráid le 17% sa daonra trí chéile. Bhí leibhéil níos ísle rannpháirtíochta sa lucht oibre ag baill den Lucht Siúil chomh maith. Is é sin le rá iad a bheith fostaithe nó dífhostaithe. Ní raibh an bhearna ó thaobh seo chomh leathan, áfach: bhí 61% den Lucht Siúil sa mhargadh oibre, i gcompráid le 79% den daonra trí chéile.
- Bhí 56% den Lucht Siúil ina gcónaí i lóistín atá róphlódaithe.
- Bhí 12% den Lucht Siúil ina gcónaí i gcarrbháin nó tigh soghluaiste. Cé go mbaineann an saghas seo lóistín lena slí bheatha traidisiúnta siúlach, tá seans níos mó go mbeidh sé róphlódaithe (84%) agus gan rochtain ar an idirlíon (91%). Anuas air sin, tá sé níos dealrathaí go mbeidh sé gan teas lárnach, uisce trí phíopa, agus áiseanna séarachais.

Maidir le **taithí**:

- Tá leibhéil réamhclaontachta i gcoinne an Lucht Siúil thar a bheith ard.
- I measc na mbacanna eile atá ann sa mhargadh oibre tá leithcheal díreach agus réamhchlaonadh forleathan.

Aithníonn an tuairisc ó 2017 de chuid CÉCDC agus ITES, Cé a Bhíonn ag Fulaingt Leithcheala in Éirinn fadhbanna taithí i measc na ngrúpaí aitheanta.

Maidir le **taithí**:

- I gcompráid le freagróirí Geala, tuairiscíonn freagróirí Dubha leibhéil níos airde leithcheala sa láthair oibre, i seirbhísí poiblí agus príobháideacha araon. Tuairiscíonn freagróirí Áiseacha leibhéil níos airde leithcheala i seirbhísí príobháideacha.
- Tuairiscíonn baill den Lucht Siúil leibhéil fíor-arda leithcheala agus iad ar tóir oibre, comhthéacs ina mbíonn siad 10 n-uaire níos dealrathaí fulaingt ó leithcheal, agus leibhéil fíor-arda leithcheala i seirbhísí príobháideacha, mar a mbíonn siad os cionn 22 uair níos dealrathaí leithcheal a thuairisciú, go háirithe i siopaí, pubanna agus bialanna.
- I gcompráid le Caitlicigh, tuairiscíonn baill de reiligiúin mionlacha leibhéil leithcheala atá píosa níos airde sa láthair oibre agus i seirbhísí poiblí is príobháideacha.
- Tá sé níos dealrathaí go bhfulaingeoidh tuismitheoirí nár pós riamh leithcheal i seirbhísí poiblí agus príobháideacha ná daoine fásta singil gan leanaí.
- Fulaingíonn daoine faoi mhíchumas leibhéil níos airde leithcheala i ngach comhthéacs ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas – sa láthair oibre, ar tóir oibre, i seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Tuairiscigh beagán os cionn 7% de dhaoine faoi mhíchumas leithcheal agus iad ag úsáid seirbhísí poiblí, i gcompráid le 2.85% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.
- Thuairiscigh mná leithcheal níos airde ná fir sa láthair oibre – 6.7% de mhná i gcompráid le 4.15% d'fhir.
- Tuairiscíonn oibrithe níos sine (45-64 bliain d'aois) níos mó leithcheal ná oibrithe níos óige agus iad sa tóir ar obair – dúirt 12% acu siúd in aois 45-64 go raibh taithí acu ar leithcheal agus iad ar tóir oibre, i gcompráid le 5.2% dóibh siúd idir 18 agus 24 bliain d'aois agus 5.9% dóibh siúd idir 25 agus 44 bliain d'aois.

Aithníonn an tuairisc de chuid Age Action ó 2022, Dearcadh Eile ar Dhul in Aois: Mar atá sé Dul in Aois in Éirinn fadhbanna ionaid agus taithí do dhaoine níos sine.

Maidir le **hionad**:

- Cúlaíonn go leor daoine ina 60í ón margadh oibre. Tá cuid de seo de bharr breoiteachta fad-téarmaí nó míchumais, nó an cinneadh dul ar scor, ach anuas orthu sin, de bharr easpa deiseanna.Formhór daoine ina 70í, níl siad ag déanamh obair íoctha.
- Bíonn aoiseachas sa mhargadh oibre ina chúis go mbíonn sé deacair do dhaoine níos sine obair a aimsiú.

- Má bhíonn duine ina 60í dífhostaithe, tá gach seans ann go bhfuil sé dífhostaithe go fad-téarmach.
- Is fadhbanna iad costais tithíochta, go háirithe do dhaoine amach sna 60í atá ag díol cíos san earnáil phríobháideach. Bíonn go leor daoine ina 70í ag strácáil chun costais chaipitil a chlúdach, leithéidí deisiúcháin tí, insliú tí, nó carr nua a cheannach.

Maidir le **taithí**:

- Tuiscintí steiréitipiciúla agus aoisíoch ar dhaoine níos sine.
- Tá scor éigeantach in aois a 65 fós ann i go leor conraí fostaíochta agus tá tacaíocht dlí aige mar chleachtas.
- Bíonn caomhnú ar a neamhspleáchas pearsanta ina chúis buarimh ag go leor daoine níos sine san 80í, go háirithe a bheith ag maireachtaint go neamhspleách ag a baile nó i dtimpeallacht chúraim. Bíonn fonn ar beagnach gach duine sna 70í dul in aois sa phobal ina gcaitheadar a saol.

Aithníonn an tuairisc ó 2023 de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais Athbhreithniú deireanach ar Dhul Chun Cinn ar Chomharthaí an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais fadhbanna maidir le hionad do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le **hionad**:

- Léiríonn na sonraí seo gur fhás an bhearna fostaíochta míchumais ó 39.8% in 2014 go 41.3% in 2021.
- Do bhain eagrais phoiblí amach an íos-chuspóir 3% d'fhostú daoine faoi mhíchumas don 11ú bliain as a chéile, le 3.6% d'fhostaithe ag tuairisciú go bhfuil siad faoi mhíchumas sa bhliain 2021. Cé go bhfuil seo thar a bheith dearfach, tá sé tábhachtach go leanann eagrais phoiblí ag feabhsú mar go dtabharfar isteach íos-chuspóir nua de 6% faoi 2025.
- Mar thoradh air seo tá méadú ar an sciar teaghlach le riachtanas tithíochta sóisialta go bhfuil duine faoi mhíchumas iontu.
- Níl an leibhéal de dhaoine faoi mhíchumas ag aistriú amach ó bheith ag chur fúthu i láthair chomhchónaithe (sainmhínithe mar deichniúr nó níos mó ina gcónaí le chéile) chomh hard is ba chóir dó a bheith.

Aithníonn Tuairisc an Chomhchoiste ar Chosiaint Shóisialta um Stádas Tuismitheoirí Aonair (2017) fadhbanna maidir le hionad, taithí agus féiniúlacht do thuismitheoirí aonair.

Maidir le **hionad:**

- Bíonn leibhéil níos airde bochtaineachta, riosca bochtanais agus bochtanais sheasmhaigh i gceist do thuismitheoirí aonair i gcónaí. Tá an leibhéal is airde do bhochtanas seasmhach, 26.2%, ag teaghlaigh tuismitheora aonair d'aon ghrúpa i sochaí na hÉireann. Fulaingíonn tuismitheoirí aonair leibhéil níós airde bochtaineachta ag 57.9%, i gcompráid le 25.5% sa daonra trí chéile. Bíonn leanaí ó theaghlach tuismitheora aonair trí huair níos dealrathaí (26.2%) a bheith ag maireachtaint i 'mbochtaineacht sheasmhach' ná teaghlaigh bheirt tuismitheora le triúr leanaí (7.7%).
- Ní raibh ach 42.5% de thuismitheoirí aonair i bhfostaíocht, i gcompráid le 69.3% de cheann teaghlaigh bheirt tuismitheora. Bhí 14.4% de thuismitheoirí aonair dífhostaithe i gcompráid le 11.8% de lánúineacha.
- Bíonn éifeacht dhíréireach ag easpa dídine ar theaghlaigh thuismitheora aonair. Léiríonn na figiúir easpa dídine gur teaghlaigh thuismitheora aonair iad 65% de theaghlaigh gan dídean, nuair nach ndéanann teaghlaigh thuismitheora aonair suas ach 26% de theaghlaigh trí chéile.

Maidir le **taithí**:

- Bíonn foréigean baile ina chúis easpa dídine i dteaghlaigh thuismitheora aonair. I staidéar amháin déanta ag Focus Ireland luaigh 11 as 70 freagróir (gur tuismitheoirí aonair iad ar fad) foréigean baile mar an gcúis is mó go rabhadar gan dídean.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Chaith tuismitheoirí aonair níos mó dá gcuid ama i mbun a bhfreagrachtaí cúraim, freagrachtaí a bhain ón am a bhíonn siad ar fáil d'obair íoctha.

- Baineannaigh ab ea 86.4% de thuismitheoirí aonair agus fireannaigh ab ea an 13.6% eile.

D'aithin an tuairisc ó 2018 de chuid CÉCDC agus ITES (McGinnity, F., Grotti, R., Groarke, S., and Coughlan, S) Eitneacht agus Náisiúnacht sa Mhargadh Oibre in Éirinn fadhbanna maidir le hionad, taithí agus féiniúlachta do dhaoine Dubha agus daoine ó eitneachtaí mionlacha .

Maidir le **hionad**:

- Tá sé i bhfad níos dealrathaí nach mbeidh an grúpa Dubh neamh-Éireannach dífhostaithe (0.4 uair níos dealrathaí) agus nuair a bhíonn post ag baill den ghrúpa seo, tá sé i bhfad níos dealrathaí nach post bainistíochta/gairmiúil atá acu ná Éireannaigh Gheala.

Maidir le **taithí**:

- Tá an grúpa Dubh neamh-Éireannach 5 uair níos dealrathaí leithcheal a fhulaingt ag lorg oibre agus 2.7 uair níos dealrathaí leithcheal a fhulaingt sa láthair oibre. Tá an grúpa Dubh Éireannach 2 uair níos dealrathaí leithcheal a fhulaingt sa láthair oibre ná Éireannaigh Gheala.
- Tá an grúpa Geal neamh-AE níos dealrathaí tuairisciú ar leithcheal agus iad ag lorg oibre, b'fhéidir toisc go mbíonn ceadúnas fostaíochta de dhíth ar a bhformhór acu chun a bheith ag obair in Éirinn. Anuas air sin tá siad níos dealrathaí leithcheal a fhulaingt sa láthair oibre ná Éireannaigh Gheala (1.6 uair níos dealrathaí).

Aithníonn an tuairisc ó 2019 de chuid CÉCDC agus ITES, (Russell, H., Grotti, R., McGinnity, F., and Privalko) Obair Chúraim agus Neamh-íoctha in Éirinn fadhbanna maidir le hionad do mhná.

Maidir le **hionad**:

- Tá baint láidir ag cúrsaí inscne leis an dáileadh ar obair íoctha agus neamh-íoctha. Le gach fachtóir eile tugtha san áireamh, déanann mná, ar an meán, 7.2 uair níos mó obair chúraim sa tseachtain ná fir. Is iad na réamhthráscairí is fearr ar uaireanta cúraim ná inscne, aois an linbh is óige, agus - do mhná – rannpháirtíocht i bhfostaíocht íoctha. Ní athraíonn uaireanta cúraim fear bunaithe ar a stádas fostaíochta agus tá ceangal níos laige acu le haois leanaí ná uaireanta cúraim na mban. I measc iad siúd nach bhfuil fostaithe go lán nó go páirt-aimseartha, tá difríocht mhór inscne-bhunaithe idir uaireanta cúraim ban agus fear. Níl aon difríocht shuntasach ann maidir le huaireanta cúraim i measc daoine fostaithe go lánaimseartha.
- Tá tacaíochtaí do chúramóirí coibhneasta íseal; tá sé fós dúshlánach idir obair íoctha agus obair chúraim sa bhaile araon a dhéanamh; agus níl polasaithe chun fir a ghríosadh glacadh le freagrachtaí cúraim forbartha mar ba cheart.

- Cé go bhfuil gaol idir an am caite i mbun oibre tí agus uaireanta caite i mbun oibre íoctha i gcás ban agus fear, ag gach leibhéal d'obair íoctha bíonn mná ag déanamh níos mó oibre tí ná fir.

Aithníonn an tuairisc ó 2016 de chuid GLEN agus BeLonGTo, Tuairisc LADTI: staidéar náisiúnta ar shláinte intinne agus folláine daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha in Éirinn fadhbanna taithí do dhaoine LADTI+.

Maidir le t**aithí**:

- Tugann torthaí an staidéir le fios go bhfulaingíonn daoine LADTI+ fós eachtraí leithcheala, leatroma agus ciaptha lasmuigh den scoil. Thuairiscigh 75.2% go raibh, lena saol, gortú focail fulaingthe acu. Bhí thart ar dhuine as gach cúigear freagróirí tar éis ionsaí fisiciúil a fhulaingt toisc go rabhadar LADTI+.
- Laghdaigh compord freagróirí timpeall ar ghean a léiriú go poiblí do dhaoine den ghnéas céanna, le ceatadán níos mó de rannpháirititheach ag léiriú míchompoird maidir le lánúin fhireann ag pógadh (39%) agus lánúin baineann ag pógadh (30%), i gcompráid le lánúin heitrighnéasach (17%) ag pógadh go poiblí.
- Tugann torthaí an staidéir le fios go bhféadfadh go bhfuil mífhaisnéis i measc an phobail faoi chlaonadh gnéis agus féiniúlacht inscne.

D. Aighneachtaí agus Taighde Idirnáisiúnta

Aithníonn an tuairisc ó 2022 de chuid CÉCDC, Éire agus an Coinbhinsiún ar Fháil Réidh le gach Saghas Leithcheala Ciníoch, (curtha isteach ag Coimisiún na Náisiúin Aontaithe ar Fháil Réidh le Leithcheal Ciníoch mar chuid den chur chuige i ndiaidh na tuairiscí tréimhsiúla cónasctha 5 go 9 de chuid na hÉireann) fadhbanna féiniúlachta do dhaoine Dubha agus d'Eitneachtaí Mionlacha, an Lucht Siúil san áireamh.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Tá mearbhall nó drogall i go leor eagras poiblí in Éirinn – An Garda Síochána san áireamh – ó thaobh bailiú agus próiseáil sonraí 'catagóir speisialta' ar nós cine, eitneachta agus creideamh.

Aithníonn an tuairisc de chuid CÉCDC ó 2019, Éire agus an Coinbhinsiún ar Leithcheal Ciníoch, Aighneacht ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Leithcheal Ciníoch ar thuairisc

chónasctha 5 go 9 de chuid na hÉireann fadhbanna ionaid, taithí agus féiniúlachta do dhaoine Dubha agus d'Eitneachtaí Mionlacha, an Lucht Siúil san áireamh.

Maidir le **hionad**:

- Meastar go bhfuil idir 20,000 agus 60,000 daoine gan cháipéisí in Éirinn.
- Tá bacanna suntasacha roimh daoine den Lucht Siúil, Roma agus d'eitneacht Afraiceach maidir le teacht ar fhostaíocht. Anuas ar na bacanna timpeall ar fhostaíocht a aimsiú, is minic grúpaí d'eitneachtaí mionlacha ag plé le fadhbanna sa láthair oibre leithéidí conraí neamhseasmhacha, easpa dul chun cinn, caitheamh éagothrom, agus dúshaothrú.
- Go ginearálta, tá easpa ionadaíochta ar dhaoine ó ghrúpaí Éitneachta Mionlacha ar fud na hEarnála Poiblí.
- Is féidir le heaspa aitheantais a bheith á thabhairt in Éirinn ar cháilíochtaí faighte thar lear a bheith ina fadhb. Anuas air seo, is féidir le heaspa taithí ar an gcultúr oibre agus córas fostaíochta in Éirinn a bheith ina gcúis le deacrachtaí.
- Níor liostaigh ach 10.1% de mhná de chuid an Lucht Siúil, agus 12.6% d'fhir de chuid an Lucht Siúil an catagóir 'ag obair' mar a bpríomhstádas eacnamaíoch sa bhliain 2016.
- Bhí rátaí as cuimse ard de thaithí ag daoine Dubha ar leithcheal agus míbhuntáiste sa mhargadh oibre in Éirinn. Tá ráta fostaíochta de 45% ag daoine de náisiúnacht Afraiceach, i gcompráid le méan de 70% de ghrúpaí de náisiúntaí mionlacha eile. An ráta fostaíochta do mhná Aifriceacha ná 38%, sin 17% níos ísle ná an meánráta fostaíochta do mhná in Éirinn.
- Tá níos mó seans ann go mbeidh taithí ag daoine de náisiúin lasmuigh den AE ar bhochtaineacht tithíochta ná 'náisiúnaigh Éireannacha' (1.7 uair níos dealrathaí). Tá sé níos dealrathaí chomh maith go mbeidh an dream seo ag maireachtaint i lóistín róphlódaithe (2.5 uair níos dealrathaí).
- Tá seans i bhfad níos airde go mbeidh daoine de náisiúnacht ar bith seachas Éireannaigh gan dídean, go háirithe Rómánaigh agus daoine ó thíortha san Aifric. Tá sé i bhfad níos dealrathaí chomh maith go mbeidh teaghlaigh de bhunadh inimirceach ag fulaingt easpa dídine mar theaghlaigh.
- I gcomhthéacs na géarchéime tithíochta, tá fás ag teacht ar dhíoscúrsa frithinimirceach atá ina chúis buairimh.
- Tá leibhéil arda leithcheala, róphlódú agus easpa dídine ag cur as don Lucht Siúil. Tá leaithcheal seasmhach agus easpa dul chun cinn ó thaobh soláthair lóistín do phobal an Lucht Siúil. Tá seo léirithe ag an easpa soláthair ar lóistín atá in oiriúint don Lucht Siúil, an tearc-chaitheamh leanúnach ar bhuiséad lóistín an Lucht Siúil, agus ag na coinníollacha ar go leor stadanna lóistín don Lucht Siúil.

- I measc an leithcheala a bhíonn ag cur as don bpobal Roma, tá leithcheal sa tóir ar lóistín, róphlódú dian, lóistín ar chaighdeán íseal, easpa buannachta tionóntachta, easpa dídine, agus easpa rochtana ar idir thithíocht shóisialta agus liúntais chíosa.
- Níos mó agus níos mó, bíonn an caidreamh idir an Stát agus eagrais de chuid an tsochaí shibhialta dírithe ar fho-chonraí agus soláthar seirbhísí. Ach is gá aitheantas agus cosaint a thabhairt do thábhacht na n-eagras úd timpeall ar abhcóideacht sa díoscúrsa daonlathach agus cur chun cinn riachtanas cearta daonna.

Maidir le **taithí**:

- Leanann baill den Lucht Siúil ag fulaingt ciníochas ainsealach agus leithcheala chórasaigh. Tá taithí ag 90% den Lucht Siúil ar leithcheal ag uair éigin le linn a saoil, fad is go raibh taithí ag 77% ar leithcheal sa bhliain díreach imithe. Tá an Lucht Siúil beagnach 10 n-uair níos dealrathaí fulaingt ó leithcheal agus iad sa tóir ar obair.
- I gcompráid le 16.3% de dhaoine Éireannacha, bhí taithí éigin ag 26.7% de dhaoine ó náisúntachtaí eile agus 33.1% de dhaoine ó chúlraí Neamhgheala eitneacha ar leithcheal idir 2017 agus 2019.
- Tá na leibhéil charnacha leithcheala agus ciníochais atá á fhulaingt ag daoine de chúlra Afraiceach, go háirithe mná den chúlra seo, ag fás.
- Tá daoine Dubha Éireannacha trí oiread níos dealrathaí fulaingt ó leithcheal agus iad baint úsáide as seirbhísí poiblí. Tá an grúpa seo dhá oiread níos dealrathaí leathcheal a fhulaingt agus iad ag lorg oibre, agus 3.4 uair níos dealrathaí leathcheal a fhulaingt sa láthair oibre. Bhí daoine Dubha de náisiúnachtaí eile 5 uair níos dealrathaí leathcheal a fhulaingt agus iad ag lorg oibre, agus breis is 2.5 uair níos dealrathaí leathcheal a fhulaingt sa láthair oibre. Tá freagróirí 'Dubha' 5 uair níos dealrathaí tuairisciú a dhéanamh ar leithcheal tithíochta ná 'Éireannaigh Geala'.
- Fulaingíonn daoine Roma leibhéal ard leithcheala. Bhí mná Roma, go háirithe, i mbaol leithcheala ar an tsráid de bharr a n-éadaí tradisiúnta inaitheanta.
- Leanann fir ag tuairisciú níos mó ciníochas, íde béil agus leithcheal ná mná in Éirinn.
- Creideann beagán faoi leath de dhaoine fásta a rugadh in Éirinn go bhfuil cultúir áirithe níos fearr ná cinn eile. Creideann 45% acu go bhfuil mianach na dianoibre ann go nádúrtha i gciní/eitneachtaí áirithe thar a chéile.
- Tá díoscúrsa Ioslamafóbach agus frith-Ghiúdach go forleathan sa réim ar-líne in Éirinn.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Leanann do bhearnaí suntasacha a bheith ann i sonraí suirbhéanna agus riaracháin náisiúnta faoi ghrúpaí mionlacha eitneacha, agus is cúis bhuairimh i gcónaí iad easpa rochtana, caighdeán íseal agus úsáid na sonraí seo.
- Tá teip ann ag an Stát timpeall ar easpa ghníomhaíochta i leith traidisiúin úinéireachta capall agus a ról lárnach i gcultúr agus féiniúlacht an Lucht Siúil.

- Tá ganntanas de thraenáil creidiúnaithe, meicníochtaí deimhnithe ardchaighdeána, agus rialacháin maidir le seirbhísí ateangaireachta san Earnáil Phoiblí.

Aithníonn an tuairisc ó 2014 leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chearta Bunúsacha A Bheith Trasinscneach san Aontas Eorpach, anailís comparáideach de shonraí suirbhéireachta ar Dhaoine LADTI+ san AE fadhbanna taithí agus féiniúlachta do dhaoine trasinscneacha.

Maidir le **taithí:**

- Bhraith 54% d'fhreagróirí trasinscneacha, i gcompráid le 47% d'fhreagróirí LADTI+ ar fad gur rinneadh leathcheal pearsanta nó ciapadh orthu toisc go bhfacthas go rabhadar trasinscneach. Bhí níos mó seans go mbraithfeadh freagróirí óga, gan fostaíocht íoctha acu, nó ó aicme íseal ioncaim, go rabhthas ag déanamh leithcheala orthu de bharr iad a bheith trasinscneach.
- Bhraith duine as gach triúr freagróir gur deineadh leithcheal orthu toisc go rabhadar trasinscneach agus iad ag lorg oibre (37%) nó ag obair (27%), leibhéal atá níos mó ná dhá oiread an cheatadáin i measc freagróirí leispiacha, aeracha agus déghnéasacha.
- Rinneadh ionsaí gnéis nó fisiciúil ar 8% de dhaoine trasinsneacha nó bhagraíodh foréigean orthu agus iad den tuairim gur thárla seo toisc go bhfacthas go rabhadar trasinscneach.
- Cuireann steiritípeanna agus aineolas faoi réaltacht saoil laethiúil agus cearta daoine trasinscneacha le fadú ar thuairimí diúltacha poiblí agus drochíde ag leibhéil dhéine éagsúla; ó jócanna amaideacha agus caint mhaslach go ciapadh agus eisiamh dáiríre.
- Níor thuairiscigh ach líon fíorbheag freagróirí an eachtra leithcheala is déanaí. Ní raibh a fhios ag 30% acu conas nó cá háit ba cheart tuairisc a dhéanamh. Níos mó ná triúr as gach cúigear acu, b'é ba chúis leo gan tuairisc a dhéanamh ná gur chreideadar go láidir nach dtarlódh aon rud dá bharr ná nach n-athródh rud ar bith dá bharr, agus leath acu toisc nár bhraitheadar gurbh fhiú tuairisc a dhéanamh air. Bhí freagróirí trasinscneacha buartha nach gcaithfái go dáiríre leis an eachtra tuairiscthe, agus ní raibh fonn orthu a gclaonadh gnéis agus/nó féiniúlacht inscne a nochtadh. B'iad fir thrasinscneacha an dream ba lú seans go ndéanaidis tuairisciú ar fhoréigean ag na gardaí ar an eachtra ba dhéanaí agus an eachtra ba mheasa araon. B'iad trasfheisteoirí baineanna an dream ba mhó seans go ndéanaidís tuairisciú ar an eachtra foréigin fuatha ón mbliain a d'imigh roimhe (37%). B'iad mná trasinscneacha an dream ba mhó seans go ndéanaidís tuairisciú ar an eachtra foréigin is measa sa chúig bhliana a d'imigh roimhe (32%).
- Níor thuairiscigh ach duine as cúigear (21%) an eachtra fuatha is déanaí agus duine as ceathrar (24%) an ceann is measa do na gardaí.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Seachnaíonn trian d'fhreagróirí trasinscneacha a inscne – nó an inscne ab ansa leo – a chur in iúl trína gcuma fhisiciúil agus a n-éadaí le heagla go ndéanfaí ionsaí, bagairt nó ciapadh orthu.
- Seachnaíonn duine as gach cúigear freagróirí a bheith oscailte faoi bheith trasinscneach fiú ag a mbaile, agus seachnaíonn seisear as deichniúr a bheith oscailte faoi ar iompar poiblí.
- Ag an leibhéal bunúsach, braitheann freagróirí trasinscneacha gur saoránaigh iad nach ligtear dóibh a bheith fíor iontu agus dóibh féin.

Aithníonn an tuairisc ó 2022 de chuid CÉCDC faoi Éire agus an Conradh Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha fadhbanna maidir le hionad, taithí agus féiniúlacht do na grúpaí aitheanta ar fad.

Maidir le **hionad**:

- Maidir lena gceart i leith oibre le dealramh, tá bacanna suntasacha ann do mhná, tuismitheoirí aonair, daoine óga, inimircigh, mionlaigh eitneacha leis an Lucht Siúil san áireamh, agus daoine faoi mhíchumas.
- Tá leibhéil ard as cuimse ag mná i measc fostaithe a bhaineann feidhm as uaireanta laghdaithe ar mhaithe obair chúraim a bhabhtaíl le hobair íoctha, rud a chuireann le neamhionnanas inscne sa mhargadh oibre.
- Tá Éire fós i meac na dtíortha san AE leis na rátaí fostaíochta is ísle do dhaoine faoi mhíchumas (32.2% i gcompráid le 50.6% san AE trí chéile i 2017). Tá níos mó ná 33% de dhaoine nach bhfuil in ann dul ag obair de bharr breoiteachta nó míchumas i mbaol bochtanais.
- Tá Éire i ngreim ag géarchéim dhian tithíochta faoi láthair, le cíosanna ag dul in airde, easpa bhuaine ag tionóintí agus ganntanas tithíochta inacmhainne.
- I Meán Fómhair 2021 bhí 8,475 daoine gan dídean in Éirinn.
- Tá 38% acu siúd atá i dtithíocht údarás áitiúil ag fulaingt ó bhochtaineacht tithíochta agus tá 28% de thithe de chuid údarás áitiúil róphlódaithe.
- Léiríonn na torthaí leithcheal agus míbhuntáiste leanúnach tithíochta i measc grúpaí áirithe in Éirinn, le tuismitheoirí aonair is a leanaí, grúpaí mionlacha eitneacha leis an Lucht Siúil san áireamh, inimircigh, agus daoine faoi mhíchumas ag fulaingt sa tslí seo. Is grúpaí iad seo go bhfuil bacanna iolracha rompu agus iad ag iarraidh a gcearta do thithíocht leordóthaineach a chomhlíonadh. Tuairiscíodh bochtaineacht tithíochta i ngach saghas seilbhe tithíochta: úinéireacht tí, tithe príobháideacha ar cíos, agus tithíochta Údarás Áitiúil.

- Tá leibhéil i bhfad os cionn an mheáin ag daoine faoi mhíchumas i measc an daonra gan dídean, le breis agus duine as gach ceathrar daoine gan dídean faoi mhíchumas éigin. Tá beagnach 3,000 duine faoi mhíchumas ag maireachtaint i láthair chomhchónaithe, áit a mbíonn go leor acu faoi chionníollacha maireachtála institiúideacha. Tá breis agus 1,300 duine faoi mhíchumas faoi aois a 65 ina gcónaí i dtithíocht neamhoiriúnach i dtithe altranais do dhaoine níos sine toisc nach féidir leo rochtain a fháil ar na tacaíochtaí ba ghá chun a bheith in ann maireachtaint i measc an phobail. Tá níos mó ná 1,250 duine faoi mhíchumas ina gcónaí ag a baile le cúramóir atá os cionn 70 bliain d'aois. Tá fadhbanna le caighdeán tithíochta ag níos mó ná 29% de dhaoine faoi mhíchumas, i gcompráid le 21% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.
- Tá an Coimisiún fós thar a bheith buartha faoi neamhdhóthanacht agus ganntanas lóistín atá oiriúnach ó thaobh a gcultúir do bhaill den Lucht Siúil in Éirinn. Tá an teip seo ag an Stát lóistín a sholáthar don Lucht Siúil ag déanamh díobháil ar shlí bhunúsach do chultúr agus féiniúlacht an Lucht Siúil.
- B'é an ráta 'seasmhach' bochtanais ná 5% i 2020, an ráta 'faoi riosca bochtanais' 13.2% agus bhí taithí ag 15.6% den daonra ar bhochtaineacht éigeantach. Ag briseadh síos na bhfigiúr faoi dhéanamh an teaghlaigh, bhí an ráta is airde bochtanais ag daoine ag maireachtaint i dteaghlach mar a raibh duine fásta amháin agus leanbh amháin nó níos mó faoi aois a 18 (22%).
- B'iad an dream is mó faoi riosca an bhochtanais i 2020 ná daoine nach raibh in ann dul ag obair de bharr míchumais nó breoiteachta (33.7%) agus daoine dífhostaithe (32%). Anuas air sin, tá ráta i bhfad os cionn an mheáin ag grúpaí mionlacha eitneacha dóibh siúd atá ag maireachtaint le bochtanas seasmhach.
- Bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim Covid-19 ar chearta faoin CICGCC (Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Géilleagracha, Comhdhaonnacha agus Cultúir), ag déanamh go leor saghsanna neamhionnanais a bhí ann cheana féin níos measa, fadhbanna maidir le hobair le dealramh, tithíocht, sláinte agus oideachas san áireamh.
- Tá bacanna ann sa phróiseas toghchánach do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le **taithí**:

- Tá leasú suntasach de dhíth ar chreat dlí agus polasaí an Stáit chun fáil réidh le cumasachas. Tá bacanna suntasacha ann do dhaoine faoi mhíchumas maidir le cearta comhionnanna a bhaint amach, rud a thugann le fios go bhfuil cumasachas struchtúrtha agus institiúideach go forleathan i sochaí na hÉireann. Bíonn taithí ag daoine faoi mhíchumas ar imeallú agus leithcheal suntasach timpeall ar chúrsaí tithíochta.
- Tá ciníochas leanúnach agus oscailte ann i gcoinne bhaill den Lucht Siúil in Éirinn. Leanann an dream seo ag fulaingt ó leithcheal córasach maidir le fostaíocht,

oideachas, sláinte, agus tithíocht, le go leor acu ag maireachtaint le bochtanas. Cuireann an anailís béim go háirithe ar an tslí go mbíonn rátaí arda leithcheala tithíochta agus ciníochais ag cur as dóibh fad is atáid ag lorg tithíochta.
- Baineann rátaí ard as cuimse leis an Lucht Siúil agus daoine Dubha maidir le leithcheal sa mhargadh oibre, bíodh san ag cuardach oibre nó sa láthair oibre. Bíonn leithcheal carnach ag cur as do mhná ó eitneachtaí mionlacha in Éirinn, le rátaí pá agus dul chun cinn sa láthair oibre san áireamh.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Aithníonn an tAcht um Teanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017 Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar theanga oifigiúil agus an ceart atá ag daoine í a úsáid, i mbun rochtana ar sheirbhísí poiblí san áireamh. Ach cé gur síníodh an tAcht isteach sa dlí i Mí na Nollag 2017, níor tugadh faoina chur i bhfeidhm go dtí Mí na Nollag 2020 agus níl aon cur chuige struchtúrtha i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn eagrais phoiblí in ann a ndualgais faoin Acht a chomhlíonadh.
- Tá na heasnaimh shuntasacha i sonraí comhionannais in Éirinn áirithe mar fhadhb ag an gCúnant arís agus arís eile.

Aithníonn an cháipéis ó 2017, Aighneacht ag Coiste na Náisiún Aontaithe ar Fáil Réidh le Leithcheal i gCoinne na mBan in Éirinn, séú agus seachtú tuairiscí cónasctha, CÉCDC, fadhbanna ó thaobh ionaid, taithí agus féiniúlachta do mhná.

Maidir le **hionad**:

- Tá mná thíos le bearna phá de 14% agus bearna phinsin de 38%.
- Tá níos mó mná i bpoist go bhfuil an íosphá ag baint leo.
- Tá formhór ban sa státseirbhís le fáil ag leibhéal na meánbhainistíochta.
- Tá níos lú seans ag mná faoi mhíchumas ná fir faoi mhíchumas a bheith gníomhach sa mhargadh oibre, agus níos dealrathaí a bheith ag obair go páirtaimseartha. Tá 81.2% de mhná de chuid an Lucht Siúil dífhostaithe.
- Tá an líon mná agus leanaí atá gan dídean de bharr foréigin baile ag fás i gcónaí.
- Tá leibhéal rannpháirtíocht na mban sa saol poiblí íseal, go háirithe ó thaobh ban inimirceacha agus ón Lucht Siúil. I measc na mbacanna a bhíonn ann roimh mná chun bheith páirteach sa saol polaitiúil tá cúram leanaí, airgead tirim, féinmhuinín, cultúr agus an próiseas roghnaithe iarrathóirí.

Maidir le **taithí**:

- Tá steiritípeanna inscne agus róil dhochta inscne fós go láidir agus á cur ar aghaidh go leanúnach i gcás mhná den Lucht Siúil, Roma agus grúpaí inimirceacha.

- Foréigean inscnebhunaithe (éigniú, ionsaithe gnéis, mí-úsáid ghnéis, ciapadh gnéis, agus foréigean baile).
- Bíonn leithcheal bainteach le bheith ag iompar clainne ag cur as do mhná sa láthair oibre, le tairiscintí poist tarraingthe siar, uaireanta laghdaithe, tionchar diúltach ar rátáil feidhmíochta, agus easpa dul chun cinn san áireamh.
- De ghnáth, bíonn leibhéil arda leithcheala ag cur as do mhná trasinscneacha sa láthair oibre má chuireann siad a bhféiniúlacht thrasinscneach in iúl.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Fadhbanna le gnéithe iolracha ag baint leo ag mná de chúlraí ar leith, leithéidí mná den Lucht Siúil, mná faoi mhíchumas, mná ina gcónaí faoin tuath, agus mná ag cur fúthu i lóistín soláthair dhírigh.

4. Cruinniú Bailíochtaithe

Eascaíodh cruinniú bailíochtaithe le réimse eagras ón sochaí sibhialta chun plé agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht den measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna ar 17ú Meán Fómhair 2024. Éascaíodh réamhchruinniú chun na hionadaithe ón sochaí sibhialta a chur ar an eolas faoi Dualgas ar 10ú Meán Fómhair 2024. Dhírigh an cruinniú athbhreithnithe ar cheisteanna faoina raibh na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna aitheanta ábhartha agus ina dtosaíochtaí do na grúpaí; faoina raibh na ceisteanna seo curtha i bhfriotail i gceart; agus faoina raibh aon bhearnaí tábhachtacha maidir le ceisteanna do na grúpaí aitheanta.

Moladh roinnt athruithe ar an measúnú agus ghlac an grúpa oibre leo siúd ar fad isteach sa mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna mar atá leagtha amach thuas.